2025. M6K
(scrúdú iarchurtha)

2025L001G2IK

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

Páipéar 2

Gnáthleibhéal

2 uair 20 nóiméad

200 marc

**Tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Cuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

**Ceist 1: An Léamhthuiscint (100 marc)**
Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).

**Ceist 2: An Prós (50 marc)**
Freagair 2A (Prós Ainmnithe) **nó** 2B (Prós Roghnach).

**2A.** Prós Ainmnithe (leathanach 8)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**2B.** Prós Roghnach (leathanach 9)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**Ceist 3: An Fhilíocht (50 marc)**
Freagair 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** 3B (Filíocht Roghnach).

**3A.** Filíocht Ainmnithe (na leathanaigh 10 – 12)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**3B.** Filíocht Roghnach (leathanach 13)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

| Ceist 1 | Léamhthuiscint | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Comhaltas Ceoltóirí Éireann

**1.** I mí Eanáir 1951 bhí cruinniú ar siúl sa Mhuileann gCearr i gContae na hIarmhí. I láthair ag an gcruinniú, bhí ionadaithe ó chlub píobairí Shráid Thomáis i mBaile Átha Cliath agus daoine as Contae na hIarmhí a raibh baint mhór acu leis an gceol traidisiúnta. Chreid an dá dhream sin go raibh ceol traidisiúnta na tíre i mbaol agus chuir siad eagraíocht darbh ainm Cumann Ceoltóirí na hÉireann ar bun. Bhí dhá sprioc ag Cumann Ceoltóirí na hÉireann. Theastaigh uathu eagraíocht a bhunú chun ceol traidisiúnta na hÉireann a chur chun cinn. Theastaigh uathu freisin féile mhór bhliantúil cheoil, amhránaíochta agus rince a eagrú. D'eagraigh siad fleá sa Mhuileann gCearr i mí na Bealtaine 1951. I mí Eanáir 1952 tugadh an t-ainm Comhaltas Ceoltóirí Éireann ar an eagraíocht nua. Is gluaiseacht chultúrtha é Comhaltas Ceoltóirí Éireann a chuireann an ceol, an amhránaíocht agus an rince Gaelach chun cinn ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain.

**2.** Tá a gceannáras ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann i mBaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, tá oifigí réigiúnacha ag an gComhaltas ar fud na tíre agus thar lear. Tháinig fás ollmhór ar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann le 70 bliain anuas. Faoi láthair, tá thart ar 450 craobh de chuid an Chomhaltais ann. Bunaíodh an chéad chraobh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann thar sáile i gcathair Ghlaschú na hAlban sa bhliain 1957. Inniu tá níos mó ná fiche craobh sa Bhreatain, chomh maith le craobhacha i dtíortha san Eoraip, ar fud Cheanada agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá craobhacha de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann le fáil chomh fada ar shiúl le Tóiceo, Dubai, Singeapór, an Astráil agus Meiriceá Theas freisin. Tá ceangail láidre déanta ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann le hÉireannaigh thar lear agus leis an diaspóra Éireannach agus bíonn fleánna ar siúl ar fud an domhain.

**3.** Tá nasc láidir ag gach craobh de chuid an Chomhaltais leis an bpobal. Cuireann siad deiseanna ar fáil do dhaoine, go háirithe do dhaoine óga, páirt a ghlacadh i gceol agus i gcultúr traidisiúnta na hÉireann. Cuirtear ranganna éagsúla ar siúl sna craobhacha. Múintear do dhaoine conas uirlisí traidisiúnta a sheinm – mar shampla, an fheadóg mhór, an fheadóg stáin, an bodhrán, an fhidil, an bosca ceoil agus an phíb uilleann. Cuirtear ranganna san amhránaíocht ar an sean-nós ar siúl freisin. Bíonn ranganna rincí gaelacha, idir rince seite agus rince ar an sean-nós, ar siúl chomh maith. Tagann daoine ó chraobhacha éagsúla le chéile chun seisiúin, féilte, taispeántais agus imeachtaí eile a eagrú agus bíonn comórtais éagsúla ar siúl i rith na bliana. Eagraíonn na craobhacha fleánna contae agus fleánna réigiúnacha, chomh maith le Fleadh Cheoil na hÉireann. Is ócáid ollmhór náisiúnta í Fleadh Cheoil na hÉireann. Freastalaíonn timpeall leathmhilliún duine uirthi gach bliain.

| | |
|---|---|
| **4.** Cuireann Comhaltas Ceoltóirí Éireann go leor deiseanna foghlama ar fáil in Éirinn agus thar lear. Bíonn campaí samhraidh ar siúl do dhaoine óga i roinnt craobhacha de chuid an Chomhaltais timpeall na tíre. Bíonn ranganna ceoil, rince agus amhránaíochta ar siúl sna campaí agus bíonn sult agus spraoi ag baint leo. Cuirtear Scoil Éigse, scoil samhraidh oifigiúil an Chomhaltais, ar siúl gach bliain ar feadh seachtaine roimh Fhleadh Cheoil na hÉireann. Sa Scoil Éigse, cuirtear ranganna agus seisiúin cheoil le ceoltóirí cáiliúla ar siúl gach lá. Bunaíodh cúrsa traenála sa bhliain 1980 do cheoltóirí ar mhaith leo rince, amhránaíocht agus ceol uirlise a theagasc i gcraobhacha an Chomhaltais. Sa bhliain 1998 bhunaigh Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann *Scrúdú Ceol Tíre*. Is éard atá i gceist leis sin ná córas scrúduithe praiticiúla i gceol traidisiúnta na hÉireann. Tá timpeall 75,000 de na scrúduithe sin déanta ag daoine le níos mó ná fiche bliain. | **5.** Tuigeann Comhaltas Ceoltóirí Éireann go bhfuil páirt an-tábhachtach ag an nGaeilge sa chultúr Gaelach. Bíonn comharthaí dátheangacha in airde ag gach craobh de chuid an Chomhaltais agus spreagtar daoine chun an Ghaeilge a labhairt. Le linn na bhfleánna cuirtear seomraí Gaeilge ar fáil ionas gur féidir le daoine an Ghaeilge a chleachtadh ar bhealach spraíúil. Is féidir leis an aos óg páirt a ghlacadh sna comórtais comhrá Gaeilge a bhíonn ar siúl le linn na bhfleánna go léir. Sa bhliain 2005, seoladh an clár comhrá Gaeilge *Focal ar Fhocal* a scríobh Pádraig Ó Maoilchiaráin as Craobh Chualann i mBaile Átha Cliath. Sraith ceachtanna atá sa chlár a thugann deis do dhaoine an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. I Réamheolaire an Chomhaltais, 2030, *Pobail a nascadh trínár gCultúr*, deirtear go bhfuil plean déanta an clár *Focal ar Fhocal* a chur ar líne.<br><br>*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla* |

**1.** **(a)** Cé a bhí i láthair ag an gcruinniú a bhí ar siúl sa Mhuileann gCearr i gContae na hIarmhí? (Alt 1)

**(b)** Cad a tharla i mí Eanáir 1952? (Alt 1)

(10 marc)

**2.** **(a)** Cad a tharla i gcathair Ghlaschú sa bhliain 1957? (Alt 2)

**(b)** Cé leis a bhfuil ceangail láidre déanta ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann? (Alt 2)

(10 marc)

**3.** **(a)** Luaigh **dhá** uirlis cheoil thraidisiúnta a mhúintear i gcraobhacha Chomhaltas Ceoltóirí Éireann. (Alt 3)

**(b)** Scríobh síos **dhá** fháth a dtagann daoine ó chraobhacha éagsúla le chéile. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** **(a)** Cad a chuirtear ar siúl gach lá sa Scoil Éigse? (Alt 4)

**(b)** Céard atá i gceist le *Scrúdú Ceol Tíre*? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** **(a)** Cén fáth a gcuirtear Seomraí Gaeilge ar fáil le linn na bhfleánna? (Alt 5)

**(b)** Tabhair **dhá** phíosa eolais faoina bhfuil sa chlár comhrá Gaeilge *Focal ar Fhocal*? (Alt 5)

(10 marc)

**B – 50 marc**


Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Cillian Murphy

**1.** 'Go raibh míle maith agaibh!' Is leis na focail sin a chríochnaigh Cillian Murphy a óráid sa Dolby Theatre in Los Angeles ar an 10 Márta 2024. Bhí gaisce déanta ag an bhfear ó Chorcaigh. Ba é an chéad fhear riamh é a rugadh in Éirinn chun gradam Oscar a bhuachan dá phríomhról i scannán. Ghlac Murphy ról an phríomhcharachtair sa scannán *Oppenheimer* (2023). Léiríonn an scannán scéal an fhisiceora J. Robert Oppenheimer agus é ag forbairt an bhuama adamhaigh sna 1940idí. Bhuaigh an scannán seacht ngradam Oscar ar fad. Bronnadh duaiseanna eile ar Murphy dá ról in *Oppenheimer*, gradam Bafta agus Golden Globe ina measc. Rinne an t-iarAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, comhghairdeas le Murphy as an duais Golden Globe a bhuachan. Léirigh an gradam gur máistir é san aisteoireacht, dar léi.

**2.** Duine ealaíonta ba ea Cillian Murphy ó bhí sé óg. Ar dtús, bhí suim aige i gcúrsaí ceoil. Sa bhliain 1986 agus gan é ach deich mbliana d'aois thosaigh sé ag scríobh agus ag canadh amhrán. Sa bhliain 1997 sheinn sé an giotár agus chan sé leis an ngrúpa *The Sons of Mr. Green Genes.* Rinne Murphy cúrsa drámaíochta nuair a bhí sé san idirbhliain ar an meánscoil i gCorcaigh. Chuir sé sin tús lena shaol aisteoireachta. Sa bhliain 1996 bhí an príomhról aige sa dráma stáitse *Disco Pigs* in éineacht le Eileen Walsh. Tá an dráma bunaithe ar chaidreamh fadtéarmach ach tragóideach idir beirt déagóirí. D'éirigh thar barr leis an dráma *Disco Pigs* san Eoraip, i gCeanada agus san Astráil. Ina dhiaidh sin, shocraigh Murphy leanúint leis an aisteoireacht go proifisiúnta. Ghlac sé páirt in go leor drámaí, mar shampla, *Much Ado About Nothing* (1998), *The Country Boy* (1999) agus *Juno and the Paycock* (1999).

**3.** Ag tús an 21ú haois ghlac Cillian Murphy páirt i ndrámaí stáitse agus i scannáin agus bhíodh sé i gcónaí sásta tabhairt faoi róil éagsúla. Sa bhliain 2001 rinneadh scannán den dráma *Disco Pigs* agus arís, bhí an príomhról ag Murphy. In 2002 bhí an príomhról aige sa scannán uafáis *28 Days Later* a thuill clú agus cáil dó ar fud an domhain.



Chuaigh Murphy ar camchuairt in Éirinn leis an gcompántas drámaíochta *Druid* sa bhliain 2004. Bhí páirt aige sa dráma cáiliúil *The Playboy of the Western World.* Sa bhliain 2005 bhí ról ag Murphy mar bhean thrasinscneach sa scannán *Breakfast on Pluto*. Ina dhiaidh sin, d'fhill sé ar Chorcaigh chun páirt a ghlacadh sa scannán stairiúil *The Wind That Shakes the Barley* (2006). Tugtar léargas dúinn sa scannán sin ar shaol Damien agus Teddy, beirt deartháireacha ó iarthar Chorcaí a ghlacann páirt i gCogadh na Saoirse agus sa Chogadh Cathartha sna 1920idí.

| | |
|---|---|
| **4.** Tá an Ghaeilge ar a thoil ag Cillian Murphy agus é sásta í a labhairt. Ghlac sé páirt sa scannán Gaeilge *Filleann an Feall* (2000). Sa ghearrscannán grinn sin, feictear Murphy agus Don Wycherley mar bheirt fhear ó Bhaile Átha Cliath a thagann go Conamara chun poitín a cheannach. Déanann siad iarracht an dallamullóg a chur ar sheanbhean le huimhreacha an Chrannchuir Náisiúnta. Bíonn seanbhean Chonamara róchliste dóibh, áfach, agus teipeann orthu. I mí Feabhra 2024 tháinig an láithreoir Scott Pelley ó Mheiriceá chun agallamh a chur ar Murphy i gCorca Dhuibhne. Bhí áilleacht cheantar Chorca Dhuibhne le feiceáil ag na milliúin Meiriceánach nuair a cuireadh Murphy faoi agallamh ar an gclár teilifíse cáiliúil *60 Minutes*. Rinneadh cuid den agallamh leis agus é ag siúl ar Thrá Fionntrá. Chomh maith leis sin, taispéanadh radharc de Murphy ag baint sult as seisiún ceoil i dteach tábhairne i mBaile an Fheirtéaraigh. | **5.** Tá a lán scannán déanta ag Cillian Murphy le fiche bliain anuas, *Batman Begins* (2005), *Inception* (2010) agus *Dunkirk* (2017) ina measc. Tá an príomhról ag Murphy sa scannán *Small Things Like These* (2024) atá suite i gContae Loch Garman. Seoladh an scannán i mí na Samhna 2024. Tá sé bunaithe ar an leabhar den ainm céanna a scríobh an t-údar cáiliúil Éireannach Claire Keegan. Ghlac Murphy páirt Tommy Shelby sa tsraith theilifíse *Peaky Blinders* ó 2013 go 2022. Is fear cumhachtach é Tommy Shelby atá i gceannas ar na *Peaky Blinders.* Níl eagla air roimh na póilíní, na polaiteoirí ná roimh ghrúpaí eile. Tá an tsraith theilifíse suite i gcathair Birmingham. Beidh Murphy le feiceáil arís in *The Immortal Man* (2025), fadscannán bunaithe ar *Peaky Blinders.* Ní haon ionadh go luaitear Cillian Murphy i measc na n-aisteoirí is fearr ar domhan i láthair na huaire.<br><br>*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla* |

**1.** **(a)** Cén gaisce a bhí déanta ag Cillian Murphy? (Alt 1)

**(b)** Cad a léiríonn an scannán *Oppenheimer*? (Alt 1)

(10 marc)

**2.** **(a)** Luaigh an **dá** rud a léiríonn go raibh suim ag Cillian Murphy i gcúrsaí ceoil agus gan é ach deich mbliana d'aois. (Alt 2)

**(b)** Cad air a bhfuil an dráma stáitse *Disco Pigs* bunaithe? (Alt 2)

(10 marc)

**3.** **(a)** Cad a rinne Cillian Murphy sa bhliain 2004? (Alt 3)

**(b)** Cén léargas a thugtar dúinn ar shaol na ndeartháireacha Damien agus Teddy sa scannán *The Wind That Shakes the Barley*? (Alt 3)

(10 marc)

**4.** **(a)** Sa ghearrscannán *Filleann an Feall*, cén fáth a dtagann an bheirt fhear go Conamara? (Alt 4)

**(b)** Cén fáth ar tháinig an láithreoir Scott Pelley ó Mheiriceá i mí Feabhra 2024? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** **(a)** Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin scannán *Small Things Like These*. (Alt 5)

**(b)** Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin gcarachtar Tommy Shelby. (Alt 5)

(10 marc)

| Ceist 2 | Prós – Ainmnithe nó Roghnach | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair **2A** (Prós Ainmnithe) **nó 2B** (Prós Roghnach).

| 2A | PRÓS AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) **nó** (c) thíos.

**(a)** Freagair na ceisteanna thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

**Oisín i dTír na nÓg**

**(i)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin saghas saoil a bhí ag na Fianna.
**(ii)** Luaigh **dhá** rud a d'inis Niamh Chinn Óir d'Oisín faoi Thír na nÓg.
**(iii)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoin turas go Tír na nÓg.
**(iv)** Cad a dúirt Niamh Chinn Óir le hOisín nuair a bhí sé ag filleadh ar Éirinn?
**(v)** Scríobh síos **dhá** rud a tharla d'Oisín nuair a tháinig sé ar ais go hÉirinn.

(25 marc)

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc.*

**Hurlamaboc**

Déan cur síos ar shaol Lisín agus ar na hullmhúcháin a rinne sí don cheiliúradh (don chóisir).

(25 marc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scannán *Cáca Milis* nó faoin dráma *An Lasair Choille*.

**Cáca Milis**

Tabhair cuntas ar na heachtraí a tharlaíonn sa scannán *Cáca Milis* ón uair a thagann Catherine isteach sa charráiste traenach go dtí go bhfágann sí an traein.

(25 marc)

**nó**

**An Lasair Choille**

Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma *An Lasair Choille* ón uair a thagann Míoda isteach i dteach Mhicil go dtí go scaoileann Séamas Binncheol saor ag deireadh an dráma.

(25 marc)

| 2B | PRÓS ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) **nó** (c) thíos.

**(a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin ó thús deireadh an scéil.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scéil béaloidis sin a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa ghiota sin. Tabhair cuntas ar an gcineál saoil atá ag an duine sin sa ghiota.

(23 marc)

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**nó**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma.

(23 marc)

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

| Ceist 3 | Filíocht – Ainmnithe nó Roghnach | 50 Marc |
|---|---|---|

Freagair **3A** (Filíocht Ainmnithe) **nó 3B** (Filíocht Roghnach).

| 3A | FILÍOCHT AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) **nó** (c).

**(a) Colscaradh**

**(i)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, a thugann an file dúinn faoin bhfear sna línte 1-6 sa dán.

(8 marc)

**(ii)** Cén íomhá (pictiúr) a thugtar dúinn den bhean sna línte 7-12 sa dán?
Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin sa dán.

(8 marc)

**(iii)** Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(9 marc)

## Colscaradh

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

**(b) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

**(i)** (a) Cad a deir an file faoin bhfear i véarsa a haon sa dán?
(b) Cathain a fhásfaidh na nóiníní as cluasa an fhir i véarsa a dó?
(c) Cad atá mícheart le súile an fhir i véarsa a trí?
(d) Scríobh síos rud **amháin** a deir an file faoi ghruaig an fhir i véarsa a ceathair.

(8 marc)

**(ii)** Cén saghas duine é an fear sa dán seo, dar leat?
Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(8 marc)

**(iii)** An maith leat an dán seo?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

## Mo ghrá-sa (idir lúibíní)

Níl mo ghrá-sa
mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóiníní
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubh Shakespeare)
ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora fíniúna).

**(c) An tEarrach Thiar**

**(i)** Déan cur síos, **i d'fhocail féin,** ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a haon sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

**(ii)** Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) a thugann an file dúinn de na mná i véarsa a trí.

(8 marc)

**(iii)** An bhfuil an file sona sa dán seo, dar leat?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

**An tEarrach Thiar**

Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
    Binn an fhuaim
    San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
    Niamhrach an radharc
    San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
    Támh-radharc síothach
    San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
    San Earrach thiar.

| 3B | FILÍOCHT ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) **nó** (c) thíos.
**Níl cead an dán roghnach céanna** a úsáid **faoi dhó** sna freagraí ar (a), (b) **nó** (c) thíos.

**(a)** **(i)** Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dáin, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (9 marc)

**(ii)** Cén íomhá (pictiúr) is fearr leat sa dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.
(7 marc)

**(iii)** Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.
(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.
(2 mharc)

**(b)** **(i)** Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos, **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.
(9 marc)

**(ii)** Cén t-atmaisféar atá sa dán seo? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin, **i d'fhocail féin.**
(7 marc)

**(iii)** An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.
(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.
(2 mharc)

**(c)** **(i)** Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos, **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.
(9 marc)

**(ii)** Roghnaigh íomhá (pictiúr) **amháin** a thugann an file dúinn sa dán seo. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin.
(7 marc)

**(iii)** An dtaitníonn an dán seo leat? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.
(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.
(2 mharc)

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

**Tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Cuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 2

2 uair 20 nóiméad